# Cur i Láthair ar Chur Chuige Feasacht ar an Tráma



## Gné an Struis | An Chothromaíocht Cheart a Fháil

## Cúrsa ríomhfhoghlama NEPS do Scoileanna

Díríonn an gearrchúrsa seo ar strus agus an tionchar a imríonn sé ar an bhfoghlaim, ar iompar agus ar fholláine. Tá idir cur chuige aitheanta agus nua, cur chuige atá bunaithe ar thaighde mar aon le taithí síceolaithe de chuid NEPS ag treorú na smaointeoireachta, an phleanáil agus na mbeart sa chúrsa seo. Is é aidhm na hoiliúna seo ná tacú le foireann scoile an athléimneacht a chothú do chách, chomh maith le scoláirí le riachtanais bhreise, iad siúd atá buailte ag an tráma agus iad siúd go bhfuil an saol ag dul crua orthu.

- Cuireadh an cúrsa seo i dtoll a chéile d'fhoirne scoile in Éirinn, idir foirne bunscoile, iar-bhunscoile agus scoileanna speisialta.

- I ndiaidh an chúrsa seo, cuirfear tuilleadh gearrchúrsaí ar fáil, cúrsaí a dhéanfaidh mionchíoradh ar réimsí ríthábhachtacha, mar shampla - tráma, ceangal, rialáil ar mhothúcháin agus féin-éifeachtúlacht.

- Cruthaíonn an leagan amach atá ar an gcúrsa seo deis don fhoghlaim féintreoraithe agus don fhoghlaim féinluais. Ina theannta sin, is féidir le scoileanna tabhairt faoin oiliúint le chéile agus iad ag meascadh na modúil ríomhfhoghlama le seisiúin mhachnaimh, pleanála agus beart.

- Tá 7 modúl i gceist sa chúrsa. I ngach modúl, tá cur i láthair i bhfoirm fhíseáin, gníomhaíochta mhachnaimh agus bileoga eolais gur féidir a hioslódáil. Tógann sé thart ar 2 ½ uair a chloig an cúrsa a chur i gcrích.

- Ar chríochnú an chúrsa, cuirfear teastas ar fáil.

- Tá na hacmhainní agus na sleamhnáin cur i láthair ar fad ar fáil le híoslódáil más le linn an chúrsa féin agus ag deireadh an chúrsa.

- **Nóta:** Agus tú ag clárú, bain úsáid as ríomhaire, ríomhaire glúine nó táibléid más é do thoil é. Ní féidir clárú agus fón póca in úsáid agat.

- Má tá aon cheist agat maidir leis an gcúrsa, nó má bhíonn aon deacrachtaí agat clárú, is féidir r-phost a sheoladh chuig **NEPSelearning@education.gov.ie**

Cláraigh don chúrsa anseo